

# MOLTAÍ

## EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL / COMMUNITY ORGANISATIONS

### MOLTAÍ TUGTHA AR AN NGUTHÁN / SUGGESTIONS GIVEN OVER THE PHONE

1. Meitheal Áisitheoirí Áitiúla le scileanna ar leith acu (*Meitheal of Local Facilitators with specific skills*).
2. Tacaíocht do dhaoine nua-isteach (*Support for people who move into the area*).
3. Tacaíocht do thuismitheoirí – acmhainní (*Support for parents – resources*).
4. Lógó do cheantar Mhúscraí - aiteann b'fhéidir (*A logo for Gaeltacht Mhúscraí – perhaps gorse*).
5. Straitéis turasóireachta a fhorbairt do Mhúscraí (*Develop a tourism strategy for Múscraí*).
6. Go láidreofaí áit na Gaeilge sna féilte & imeachtaí pobail ar fad (*Promote Irish during all local events/ festivals*).
7. Comharthaíocht – Gaeltacht - 'Labhraítear Gaeilge Anseo' (*Signage – Gaeltacht 'Irish Spoken Here'*).
8. Na Coláistí Samhraidh a threisiú – Béal Átha'n Ghaorthaidh & Baile Bhúirne (*Support & strengthen local Coláistí Samhraidh*).
9. Suíomh idirlín lárnach do Ghaeltacht Mhúscraí (*Central website for Múscraí Gaeltacht*).
10. 'Mol' oifige ar ardchaighdeán a fhorbairt (*Develop a high quality office 'hub'*) – m.sh Macroom-E.

### EILE

- Ba cheart go mbeadh ceardlanna in-tí bunaithe ar an gcomhrá agus iad spráúil (*In-house workshops should be conversational and fun*).
- Ba cheart duine a thraenáil chun ceardlanna a reáchtáil – amhránaíocht, rince, Gaeilge do Mhúscraí ar fad (*Train someone to run workshops - singing, dancing, Gaeilge for all of Múscraí*).
- Ní mór go mbeadh ardchaighdeán leathanbhanda ar fáil ar fud na Gaeltachta (*High quality broadband must be made available throughout the Gaeltacht*).
- Ba cheart go mbeadh gach comharthaíocht agus ábhar clóite le haghaidh úsáide sa Ghaeltacht dhátheangach (*All signage and printed material created for specific use in the Gaeltacht should be bilingual*). Cosúil le Gaillimh le Gaeilge
- Teastaíonn níos mó chomharthaí dátheangacha (*More bilingual signage is wanted*).
- Cabhair le polasaí teanga a chur le chéile do na grúpaí seo ar fad (*To assist all these groups to develop language policies*).
- Iarracht a dhéanamh Gaeilge a labhairt má labhraíonn duine Gaeilge leat - foghlaimoirí & muintir áitiúla (*Make an effort to use Irish if Irish is spoken to you – learners & locals*).

# MOLTAÍ Ó NA CEARLDANNA / SUGGESTIONS FROM WORKSHOPS

**Ceist 1** - Cad iad na háiseanna pobail atá in easnamh i do shráidbhaile?

**Ceist 2** - Cad iad na moltaí a bheadh agat i dtaobh daoine a spreagadh chun Gaeilge a úsáid níos minicí sa phobal?

**Ceist 3** – Cad é bhur ‘bhFÍS’ do cheantar Mhúscraí ?

## CILL NA MARTRA

### CEIST 1 – ÁISEANNA

- Ionad Cúram Leanaí tar éis scoile x 2.
- Spóirt a imirt & Gaeilge a labhairt.
- Suíomh idirlín a thabharfadh eolas ar cad atá ar siúl ó thaobh Cultúir & Gaeilge x 2.
- Clár Fógraí (*Notice Board*) i lár an bhaile.
- Páirc súgartha.
- Slí siúlóide.

### CEIST 2 – GAEILGE

- Gníomhaíochtaí spóirt & cultúrtha a mhealladh chun Gaeilge a úsáid níos mó.
- Ciorcal Comhrá (& iarracht a dhéanamh 20's a mhealladh – daltaí ollscoile s.rl.) x 3.
- Pionna nó rud éigin le cur in iúl go bhfuil daoine sásta Gaeilge a labhairt
- Comharthaí do chairr (greamaitheoirí), sna siopaí s.rl. – Fáinne nó suaitheantas ‘ciaróg x 2’ ionas go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil Gaeilge acu (ór) x 2.
- Fógraí ‘Gaeilge anseo’ go forleathan.
- Ranganna Ceoil – níos fearr – dírithe ar uirlis amháin. Aisling Gheal.
- Ranganna do dhaoine fásta – aos oideachas trí Ghaeilge.
- Aifreann as Gaeilge – ó am go chéile – uair sa mhí.
- Bunchlub & Club Óige.
- Ambasadóirí (*Ambassadors*) – Christina Desmond, Noel O’ Leary, Buaiteoir Cailín Gaelach.
- Tacaíocht do thuismitheoirí le Gaeilge (obair bhaile s.rl.).
- Ranganna ar siúl ag an am céanna leis an Naíonra.
- Liosta daoine a bheadh sásta cúram leanaí a dhéanamh le Gaeilge – cé acu in áis pobal nó sa bhaile.

### CEIST 3 – FÍS

- Níos mó meas ar an gcultúr – go háirithe i measc na n-óg.
- Níos mó Gaeilge á labhairt.
- Níos mó daoine fásta ag labhairt Gaeilge le páistí.
- Go mbeimís fós mar Ghaeltacht agus neartaithe faoi 2025.

- Múscraí a réiteach amach mar cheantar cuairteoireachta cultúrtha – do choláistí, lucht ollscoile, daltaí ó thar lear.
- Go mbeadh méadú ar líon na ndaoine sa cheantar a bhaineann úsáid as an méid Gaeilge atá acu.

\*\*\*\*\*

## BÉAL ÁTHA'N GHAORTHAIDH

### CEIST 1 –ÁISEANNA

- Coláiste na Mumhan – a choimeád oscailte i rith na bliana ar fad, crut níos fearr a chur ar an áit & úsáid níos mó a bhaint as & níos mó ag muintir na háite.
- Linn snámha a athchóiriú agus a bheith oscailte.
- Áit shóisialta a bheith ar fáil do mhuintir na háite.
- Café / bialann – do dhaoine óg óga agus aosta – b'fhéidir Cuan Barra / Áras/ Col. na Mumhan x 2.
- Stáisiún peitрил x 2.
- Leabharlann le Gaeilge & leabhair Ghaeilge.
- Comharthaí gur féidir Gaeilge a labhairt.
- Suíomh idirlín (Website) lárnach.
- Bothán na bhFear & Bothán na mBan (*Men's Shed & Women's Shed*).
- Cartlann / Músaem (*Archive / Museum*).
- Slí siúlóide gur féidir dul ag siúl ann ar nós Slí Bhriain i mBaile Mhúirne agus an siúlóid phobail i gCluain Droichead (san oíche) x 3.
- Suíomh sóisialta do dhaoine óga.
- Bia sa tigh tábhairne.
- Níos mó fostaíochta go háitiúil – na foirgnimh folamha a úsáid / a líonadh.
- *AstroTurf*.
- Tuillte – Córas séarachais.
- Áit le bualadh in ionad tithe tábhairne.
- Lóistín - Níl lóistín ar fáil.
- Dífhibrilleoirí (*Defibrillators*) nua & cúrsa a dhéanamh arís.

### CEIST 2 –GAEILGE

- Duine fostaithe chun féilte / imeachtaí a reáchtáil.
- Aifreann trí Ghaeilge.
- Seisiún ceoil / céilí go míosúil seachas tigh tábhairne (do gach aois grúpa) x 2.
- Ranganna rince seit.
- Na grúpaí áitiúla a spreagadh Gaeilge a labhairt.
- Drámaíocht as Gaeilge – bhíodh sé an-láidir anseo & b'fhéidir go gcabhróidh sé le chur chun cinn na Gaeilge arís.
- Oíche Ghaeilge sna tithe tábhairne.
- Seanfhocail áitiúla a bhailiú.
- Greamaitheoirí (*Stickers*) do gach teaghlach 'Gaeilge & Fáilte' & don ghluaisteán 'Gaeilge agam'.
- Ciorcal comhrá uair sa mhí.

- Laethanta randamacha (*random*) a roghnú mar ‘Lá na Gaeilge’, m.sh. Dé Domhnaigh tar éis Aifrinne ó am go chéile & é a fhógairt.
- Seans a thabhairt do pháistí áitiúla amhráin cháiliúla a aistriú go Gaeilge & é a chanadh m.sh. Coláiste Lurgan (tá ceoltóirí againn ach seans a thabhairt dóibh).
- Airgead - €100 nó £10 a cur ar fáil arís x 2.
- Brat scoile.
- Daltaí a mhealladh go dtí an scoil ó Inse Geimhleach & Beantraí – bus saor?
- Ranganna Gaeilge.
- Ranganna & Ciorcal comhrá.
- Imeachtaí sóisialta as Gaeilge, cártaí sa tigh tábhairne, rince.
- *Toastmasters* as Gaeilge.
- Comharthaí ‘Gaeilge Anseo’ go háitiúil & leathnú amach go dtí na sráidbhailte cóngaracha Inse Geimhleach / An Chaolchoill.
- Cabhrú le coistí / grúpaí an Ghaeilge a úsáid agus cá chur chun cinn níos mó.
- Coinníoll teanga a chur ar chomhlachtaí an cheantair ionas go ndéanfaidís iarracht níos mó i leith na Gaeilge.
- Níos mó imeachtaí le linn Seachtain na Gaeilge go náisiúnta & b’fhéidir Seachtain na Gaeilge / Deireadh Seachtain na Gaeilge áitiúil a eagrú uair sa mhí x 2.
- Ceardlanna ar *Facebook* & *Snapchat* trí Ghaeilge.
- Duais gach seachtain don pháiste a labhraíonn an méid is mó Gaeilge sa siopa – d’fhéadfaí é a dhéanamh sna tithe tábhairne do dhaoine fásta.
- Dhá phobal – Gaeilge & Nach bhfuil suim acu.
- Lógó do Ghaeltacht Mhúscaí – aiteann?
- Aip (App) Gaeltacht Mhúscaí – a chur le chéile – [www.activeme.ie](http://www.activeme.ie) le gach uile sórt faoin Ghaeltacht agus oidhreacht Mhúscaí.
- Rás Mhúscaí a bhunú idir na bailte.
- Sna hóstáin – cúrsaí Gaeilge a rith sna hóstáin. Siúlóidí sa cheantar as Gaeilge. Deireadh seachtainí le labhairt Gaeilge agus rince Gaelach Timmy the Brit, Biachlár Gaeilge. Foclóir simplí do thurasóirí. Arís faoin téarma – úsáid cúpla focal.
- Comharthaí ar na príomhbhóithre le téarmaí éagsúla Gaelach le ‘Dia Dhuit – Hello – Úsáid cúpla focal.’ Treoir i ngach baile le heolas faoin nGaeltacht agus eolas faoi na bailte eile.
- Corn Ghlór na nGael.
- Leabhair as Gaeilge saor in aisce.
- Gaeilge na háite a spreagadh / a chur chun cinn in ionad Gaeilge oifigiúil.
- Aipeanna (*Apps*) as Gaeilge do leanaí óga / cluichí.
- Oíche shóisialta sa tigh tábhairne.
- Féilte áitiúla a eagrú.
- Cúntóir teanga do thuismitheoirí.
- Beannú as Gaeilge i gcónaí.
- Ciorcal Comhrá cosúil le club leabhar (*book club*) i dtithe príobháideacha.
- Fógraíocht faoi RnG go háitiúil – m.sh. Saol ó Dheas 12-1i.n.
- Clubanna s.rl..... moladh do eagraitheoirí go léir an Ghaeilge atá acu a úsáid.
- Club Óige.
- Margadh na bhfeirmeoirí (*Farmers market*) – uair sa mhí.
- *Tinder* as Gaeilge ag an áit.
- *Toastmasters* as Gaeilge chun muinín a láidriú.

\*\*\*\*\*

# RÉIDH NA NDOIRÍ

## CEIST 1&2

- Ionad Spóirt do Cheantar Mhúscraí – raonta reatha (*tracks*), *AstroTurf*, halla mór, café, pinniúr liathróid láimhe (*hand ball alley*).
- Astro Turf x 2.
- Ionad Cúram Leanaí – ag freastal ar pháistí níos óige agus páistí tar éis scoile (*would cater for younger and afterschool children*) x 2.
- Siúlóid – raonta rothaíochta ó gach sráidbhaile chun Gaeltacht Mhúscraí a nascadh trí Réidh na nDoirí (*Walk – cycle lanes from each village to connect Múscraí Gaeltach via Réidh na nDoirí*).
- Comharthaí bóthair ar an 3 bhóthar i dtreo na scoile le hathphéinteáil agus caithfear soilse nua a chur in áit na soilse in aice leis an Ionad Áise (*Road signs painted on 3 roads approaching school and flashing lights near Ionad Áise need to be replaced*).
- 4xTionscnaimh a chur sna hionaid atá ag an Údarás - Mullach na Réidh – 16 acra – cumhacht 3 pas & Gort an Imill – áit ina raibh na muisiriúin (*Industry to be put in the commercial sites owned by Údarás na Gaeltachta, Mícheál Creedon etc. – Mullach na Réidh – 16 acres – 3 phase power & Gort an Imill – where the mushrooms were*).
- Clós súgartha le cur san Ionad Áise nó in áit eile (*Playground to be put in the Ionad Áise or other area yard*) x 2.
- Áis tigh tábhairne / café chun freastal ar mhuintir na háite idir óg agus aosta araon agus turasóirí & mór go leor le húsáid mar halla (*Pub / caifé facility to cater for locals of all ages and tourists & large enough to be used as a hall*).
- Bolscaireacht chun iachall a chur ar dhaoine úsáid a bhaint as na hoifigí an phoist agus siopaí áitiúla gach lá/seachtain (*Ask people to please use their local post offices and shops to do business daily/weekly*) x 3.
- Ranganna a chur ar siúl san Ionad Áise anseo i Réidh na nDoirí – suíomh iontach isea é x 2.
- Lárionad tithíochta sóisialta do dhaoine aosta (*Social housing centre for elderly*).
- Lárionad turasóireachta le gníomhaíochtaí ar nós rince, ceol, comhrá Gaeilge (*Tourism centre with activities including dancing, ceol, Irish conversation*).
- Cabhair a thabhairt chun B&Bs & gnóthaí eile a bhunú.
- Athchóiriú a dhéanamh ar Childers Cottage le húsáid mar lárionad cultúrtha (*Possibly renovate Childers Cottage to be used a cultural centre*).
- Tacaíocht do dhaoine scothaosta (*Support the elderly*).
- Cártaí (*Cards*) as Gaeilge.
- Tacaíocht don bhunscoil i Réidh na nDoirí.
- Slí siúlóide le soilse – cosáin (*footpaths*) idir na háiseanna, séipéal – Ionad Áise – scoil – Oifig an Phoist.
- Ionad Áise – moil (*hubs*) – oifigí – ranganna.
- Campaí Samhraidh – go háirithe do leanaí 4-6 bliana d’aois (mar go dtosnaíonn formhór na gcampaí ag aois 6).
- Turasóireacht – Tobar Naomh Lachtaín – Léarscáil – áiteanna i Múscraí – Feasacht bhróisiúir (*Brochure awareness*) – lóistín, léarscáil, slite siúlóide, grianghraif.
- Duine fostaithe san Ionad Áise chun cúrsaí a eagrú s.rl.
- Grúpa Tuismitheoirí & Lapadán (*Parent & Toddler group*) – tacaíocht ó thaobh amhráin a mhúineadh do na máithreacha nua a thagann isteach. Eagla go mbeidh bearna ann toisc go bhfuil daoine a bhí ag teacht le blianta ag críochnú suas – daoine nua gan Ghaeilge.
- Ciorcal Comhrá – spreagadh éigin chun daoine a mhealladh isteach – club leabhar, cniotáil, ealaín (*‘make and do’ do dhaoine fásta*).

- Tráth na gCeist idir na 5 bunscoileanna go bliantúil.
- Nasc a chruthú idir na 5 bunscoileanna trí chomórtais / ranganna.
- Comharthaí ‘Gaeilge anseo’ – comharthaí níos séimhe, in ionad a thabhairt le tuiscint go gcaithfear Gaeilge a labhairt anseo ba cheart rud éigin eiel a úsáid ar nós ‘Úsáid pé Gaeilge atá agat’ (*Signage - more gentle signs rather than giving the idea that you must speak Irish here they should say something like ‘Use what you can’*).

\*\*\*\*\*

## CÚIL AODHA

### CEIST 1 – ÁISEANNA

- Siopa – go háirithe tar éis Aifrinn x 4.
- Páirc spóirt x 2.
- Athchóiriú ar na seomraí ranga (*Pre-fabs*).
- Cosán Bia (*Food Trail*).
- Slí siúlóide – siopa beag le bianna áitiúla.
- Bothán na mBan nó na bhFear.
- Cúram iar-scoile sa tráthnóna x 3.
- Siopa/Bialann x 2.
- Créche x 2.
- Páirc Súgartha.
- Cúirt Leadóige/Cispheile sna sean seomraí ranga.
- Slí siúlóide & Slí siúlóide ar an loch.
- Forbairt a dhéanamh ar Loch Uí Bhogaigh.
- Clár Fógraí (*Notice Board*).
- Brú Óige (*Hostel*)
- Tigh Tábhairne – áit le bualadh le chéile.
- Ionad Cúram Leanaí – obair bhaile, róta tuismitheoirí, múinteoirí atá ar scor x 2.
- Na Seomraí Ranga.
- An Abhainn - forbairt ar an abhainn.
- Aonad – droichead do pháistí nua.
- Siopa – co-op.
- Ionad Buail Isteach (*Drop-in centre*) – coiste deonach (*volunteers*) chun é a bhainistiú.
- Tacsáí áitiúil as Gaeilge.
- Seomraí feistis don pháirc peile/sacair.
- Leabhar cuairteoirí (*Visitors book*) as Gaeilge don Séipéal.
- Cosán ó Bhaile Bhúirne go Cúil Aodha.
- Comharthaí – carrchlós (*car park*), linn snámh s.rl.
- Féilire um pleanáil imeachtaí maidir le húsáid na n-áiseanna (*Events planning calendar regarding use of facilities*).
- Ionad Buail Isteach.

### CEIST 2 – GAEILGE

- Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí.
- Lá Gaeilge gach mí i gClub na bPáistí – aoichainteoir – téarmaíocht.
- Ciorcal cainte / Maidin chainte – gach éinne.

- Múscraíoch – Nuachtlitir – frásaí éagsúla.
- Labhair Gaeilge tú féin.
- Labhair Gaeilge le daoine fásta os comhair páistí chomh maith le páistí.
- Fógraí – labhraítear Gaeilge anseo – Fáilte roimh Gaeilge. Gaeilge más féidir/led’ thoil.
- Oideachas – mealladh na dtuismitheoirí – pointí breise s.rl.
- Ciorcal comhrá.
- Cabhair a thabhairt do thuismitheoirí & leanaí níos mó Gaeilge a labhairt idir na thuismitheoirí & leanaí.
- Clubanna do dhaoine fásta ag labhairt trí Ghaeilge faoi rudaí mar scannáin, leabhair s.rl.
- Gaeilge a labhairt le daoine nach labhrófá leo trí Ghaeilge de ghnáth.
- An pointe a chur in iúl sa phobal nach bhfuil gá le Gaeilge maith chun í a labhairt – Iarracht an rud is tábhachtaí – tóg go bog é – táim ag foghlaim Gaeilge – suaitheantais (*badges*) mar shampla.
- Ciorcal comhrá.
- Drámaíocht as Gaeilge.
- Cártaí (*Card drives*) as Gaeilge.
- Club Scannán.
- *Bridge* as Gaeilge.
- An dream óg a spreagadh chun dul go himeachtaí cosúil leis an Oireachtas nó an Comórtas Peile – chun taispeáint dóibh go bhfuil craic ag baint leis agus nár cóir go mbeadh náire orthu an Ghaeilge a úsáid.
- Ranganna.
- Sprioc le baint amach – tríd na heagraíochtaí – polasaí a chur chun cinn. CLG go mbeadh mar shampla óráid ullamh as Gaeilge – sprioc – lá an chluiche.
- B’fhéidir chomh maith – cur chun cinn na Gaeilge sa chlub, 2 - 6 déagóir roghnaithe chun tréimshe traenála a dhéanamh m.sh. b’fhéidir traenáil Fé8 trí Ghaeilge uair sa mhí. *Hands on* – foghlaim Gaeilge go gníomhach i ngan fhios dóibh féin le rud go bhfuil suim acu ann cheana – peile, uair sa mhí spreagadh seachas brú orthu.
- Úsáid a bhaint as na heagraíochtaí atá ann cheana
- Dea-chleachtais a roinnt le Gaeltachtaí eile.
- Teagmháil a dhéanamh le Gaeltachtaí eile agus fiosrú cad tá ag obair in áiteanna eile.
- An mbeadh éileamh ar ‘rudaí nua’ a thosnú? Ar cheart díriú ar rudaí atá á rith agus atá rathúil cheana féin. Sa tslí sin ní bheadh bolscaireacht / mealladh i gceist – ag deireadh an lae teastaíonn uainn teanga bheo folláin a dhéanamh di. Obair leis na rudaí atá ar bhun cheana agus athbheochan a dhéanamh ar an nGaeilge laistigh dóibh.
- Go mbeadh tacaíocht ar fáil dóibh agus go mbeadh cruinneas sa téarmaíocht agus na nathanna a bheidh in úsáid acu – ionas nach mbeadh droch-nósanna ag dul ar aghaidh. Carachtair saghas ‘cailiúil’ ach fós dílis don Ghaeilge a roghnú a thabharfadh an slua leo. Go mbeadh teagasc & cabhair spreagúil ar fáil do na déagóirí seo ionas go músclódh siad an tsuim sna páistí óga. An bhfuil seans go mbeadh sé seo fiúntach? Ní bheadh mórán i gceist mar go mbeadh na páistí ag traenáil ar an nós?
- Clubanna daoine fásta trí Ghaeilge – Club scannán, club leabhar, club drámaíochta.
- Gan brú a chur ar dhaoine.
- Teagmháil a dhéanamh leis na thuismitheoirí agus tábhacht na Gaeilge a chur ina luí orthu.
- Cuirteoir baile.
- Fógra a chur go dtí na daoine atá bogtha isteach chun fáil amach cad go díreach atá uathu agus cad a chabhródh leo? An bhfuil spéis acu?
- Clinic Teanga / Ranganna.
- Tacaíocht do thuismitheoirí go háirithe thuismitheoirí measctha.
- Brí ar na daoine le Gaeilge – an iarracht ar fad a dhéanamh – conas é sin a athrú?

- Seirbhísí trí Ghaeilge – na siopaí, óstáin, Barr a’ Chuma, an banc, gruagaire.
- Gníomhaíochtaí trí Ghaeilge – Polasaí trí Ghaeilge ag gach coiste / eagraíocht s.rl.
- Dúshlán ag Daoine Óga.
- Cleachtas teanga.
- Téarmaíocht / Foclaíocht / Foclóir.
- Saibhreas – pobail i nGaeilge –drámaíocht, lúbíní, agallaimh beirte do dhaoine fásta agus óga – do gach aoisghrúpa.
- Timpeallacht foghlama sábháilte (*Safe Environment to learn*) i measc a chéile – bheadh siad ag foghlaim ag a luas féin.

## CEIST 3 – FÍS

- Go mbeadh sé nádúrtha Gaeilge a labhairt i nGaeltacht Mhúscraí.
- Níos is ea í labhairt sa Ghaeltacht.
- Níl praghas/costas/luach airgid ar theanga ná cultúr ach tá luach ollmhór.
- Teanga ceangailte le cultúr.
- Tionchar an idirlín agus na meán sóisialta, lárionad teacht le chéile.
- Go mbeadh Múscraí ag déanamh níos fearr i gcomórtais Oireachtas na Gaeilge.
- Go mbeadh daoine ag scríobh amhráin, dánta, scéalta, agallaimh as Gaeilge.
- Go mbeadh daoine ag iarraidh teacht isteach agus cónaí anseo.
- Go mbeadh áis go bhféadfadh clainnte teacht chun fanúint sa cheantar.
- Go mbeadh gach éinne compordach an Ghaeilge a labhairt / iarracht a bhaint aisti – tiocfaidh an cultúr.
- Nasc a cruthú idir na páistí agus na daoine ag foghlaim na teanga – cur chun cinn.
- Ranganna aclaíochta / imeachtaí sa halla.
- Go mbeadh sé mar aidhm againn a bheith i gCatagóir A.
- Go bhféadfá do ghnó a dhéanamh 80% i nGaeilge i ngach gnó i Múscraí.
- Go mbeadh Barr a’ Chuma sa Ghaeltacht.
- Go mbeadh tumoideachas i bhfeidhm i ngach scoil.
- Go mbeadh an Ghaeilge mar mheán cumarsáide i ngach scoil.
- Gaeilge a bheith le clos nuair a théann tú isteach sa siopa, lasmuigh den séipéal s.rl.
- Strainséirí go mbeannófaí dóibh trí Ghaeilge.
- Feabhas ar an nGaeilge atá againn – tá a lán Béarla sna focail a úsáidtear.
- Polasaí dátheangach – is scil ar leith comharthaí a dhéanamh i gceart s.rl. (agus a bheith glic mar gheall ar an teanga).

\*\*\*\*\*

## BAILE BHÚIRNE

### CEIST 1 – ÁISEANNA

- Leithris Phoiblí x 3.
- Comharthaíocht as Gaeilge (*Irish Signage*) x 3.
- Áit chaidrimh le Gaeilge – do dhaoine óga agus aosta.
- Ionad Cúram Leanaí – *crèche* & naíonra x 2.
- Páirceáil – spásanna páirceála a líneáil amach (*line out parking spaces*) i dtreo is gur féidir le daoine páirceáil sa cheart (barr an oileáin i lár an bhóthair – an-dainséarach) x 2.



- Plean tráchta don sráidbhaile (*Traffic plan for the village*).
- Halla spóirt.
- *AstroTurf* / Halla pobail (*community hall*).

## CEIST 2 - GAeilGE

- Pacáiste do chuartheoirí (*Visitors package*).
- An Ghaeilge a spreagadh inár ngnóthaí (*Encourage Irish in our business*) – cúpla focal, comharthaí, suaitheantais (*badges*) x 2.
- Comórtas cosúil le Comórtas na mBailte Slachtmhara (*Tidy Towns*) chun Gaeilge a fhorbairt.
- Lá spóirt (*Sports day*).
- Grúpa tuismitheoirí agus lapadán (*Parent and toddler group*) as Gaeilge.
- Sinn féin – Gaeilge a labhairt.
- An Ghaeilge a spreagadh i measc grúpaí beaga – m.sh grúpa reatha (*Encourage Irish among small groups – e.g. running group*).
- Meon dearfach a fhorbairt – tuismitheoirí, múinteoirí, daltaí (*To develop a positive attitude - parents, teachers, pupil*).
- Iachall a chur ar thuismitheoirí gan beag is fiú a dheanamh den teanga – ‘cén mhaitheas duit í’ (*To encourage parents not to dismiss the language ‘what good is it do you’*).
- Stair an cheantair agus stair na teanga a mhúineadh (*Teach about the history of the area and the history of the language*).
- Suaitheantas (*Badge*) le chaitheamh i siopaí s.rl. – Gaeilge x 2.
- Imeachtaí as Gaeilge – aclaíocht & caitheamh aimsirí eile trí Ghaeilge.
- Imeachtaí oiriúnacha as Gaeilge do dhéagóirí.
- Scileanna a roinnt le daoine eile trí Ghaeilge.
- Bothán na bhFear (*Men’s shed*) as Ghaeilge d’fhir & mná.
- Dul i bhfeidhm ar theaghlaigh óga a bpáistí a thógaint le Gaeilge.
- Tacaíocht do thuismitheoirí le hobair bhaile x 3.
- Lógó – G – freastalaithe sna siopaí, tithe tábhairne, óstáin s.rl.
- Ceachtanna simplí ar fáil d’fhoghlaimoirí áitiúla & cuairteoirí.
- Daoine gníomhach ar scor.
- Lógó do cheantar Mhúscraí.
- Suíomh idirlín – Múscraí – aipeanna (*apps*) as Gaeilge.
- Suíomh idirlín idirghníomhach na scoileanna (*Interactive school assist website*) – an obair bhaile leis na leanaí i nGaeilge – plean roimh ré.
- Bothán na bhFear (*Men’s shed*) as Gaeilge
- Siombal Cainte –fraoch mar shampla cosúil leis an bhfáinne.
- Tabhair ar ais an £10 – bain úsáid as rud éigin nua difriúil (*Bring back the £10 – as in use something new different*).
- Club óige a fheabhsú / leathnú.
- Bileog le ceisteanna i ngrúpaí ag gach gnó – m.sh. 30 ceist agus freagraí – frásaí simplí.
- Cabhair le ranganna bunúsacha a chur ar fáil do thuismitheoirí agus páistí.
- Bileog / nuachtlitir seachtainiúil a chur ar fáil leis na himeachtaí áitiúla. Leagan Béarla / Gaeilge.
- Níos mó béime ar chúrsaí samhraidh ó thaobh margaíochta de – fógraí, comharthaí bóithre, idirlíon.
- Cumann cnocadóireachta (*Hillwalking club*) as Gaeilge.
- Lárionad Acmhainní Gaeilge (*Irish Resource Centre*).

- Níos mó lasmuigh den scoil le páistí agus tuismitheoirí (*More outside the school with kids and parents*).
- Níos mó Gaeilge á úsáid ag meántóirí/cóitseálaithe le linn traenála, cluichí s.rl. (*More use by mentors/coaches during training, matches etc*).

### CEIST 3 - FÍS

- Ár bhféiniúlacht.
- Mórtas inár dteanga agus ar gcultúr (*Pride in our language and our culture*).
- Cinneadh coinsiasach a dhéanamh í a labhairt (*Making a conscious decision to speak it*).
- Go mbeadh Múscaí mar 'Valhalla na nGael' agus comharthaí á léiriú san agus idirlíon.
- Coláiste Íosagáin a bheith in úsáid.
- Go mbeadh níos mó daoine ag baint úsáide as Gaeilge (fiú go dátheangach).
- Go mbeimis mar phobal bródúil agus dearfach as ár dteanga agus ár n-oidhreacht.
- Go mbeadh ar chumas gach éinne comhrá bunúsach simplí – bain triail as!
- Fáiltiú (*Welcoming*).
- Eolasach (*Informative*).
- Gaeilge – bun – grámhar – gáireach.
- Go n-aithneofaí Gaeltacht Mhúscaí mar an áit le dul ann don eispéireas Gaeilge/Gaelach is fearr (*That Gaeltacht Mhúscaí would be identified as the place to go for the best Irish experience*).
- Ionad Oidhreachta / Ionad cúram leanaí / Mol (hub) – úsáid an suíomh i gCluain Réidh – páirceáil trasna ón Crúiscín Lán.
- Gaeilge á úsáid ag gach éinne nó beagnach gach éinne (*Irish being used by everyone or near enough to it*).
- AstroTurf.